An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
OIFIG RÉIGIÚNACH DON Eoraip

# Breithnithe maidir le seirbhísí imdhíonta a sholáthar do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin agus ráigeanna galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú a chosc

ecdc EUROPEAN CENTRE FOR DISEASE PREVENTION AND CONTROL

Breithnithe do na tíortha óstach chun leanúnachas vacsaínithe COVID-19 agus gnáthvacsaínithe a áirithiú do dhaoine atá ag teacht ón Úcráin agus do dhaonraí cónaithe araon, chun dul i ngleic le bearnaí imdhíonta, feabhas a chur ar fhaireachas ar ghalair atá inchoiscthe trí vacsaíniú agus ráigeanna a chosc

## Soláthar seirbhísí imdhíonta

- Áiritheofar go gcuirfear daoine atá ag teitheadh ón Úcráin san áireamh in aon oll-vacsaíniú nó gnáthghníomhaíochtaí imdhíonta a dhéantar sa tír óstach i gcoinne póilió, bruitíneach, rubella, COVID-19 agus galair eile atá inchoiscthe trí vacsaíniú.
- Éascófar rochtain ar sheirbhísí vacsaínithe, do dhaoine aonair in ionaid fháiltithe chomh maith leo siúd atá ina gcónaí laistigh de phobail áitiúla, ag saoráidí sláinte, ag aonaid shoghluaiste nó trí sheirbhísí pobalbhunaithe.
- Ullmhófar ábhair faisnéise atá oiriúnaithe agus spriocdhírithe ó thaobh cultúir agus teanga de i dteangacha iomchuí chun eolas a chur ar fáil maidir le gach seirbhís sláinte atá ar fáil, lena n-áirítear imdhíonadh, agus conas rochtain a fháil ar na seirbhísí sin.
- Bainfear leas as straitéisí rannpháirtíochta an phobail chun muinín a chothú, mífhaisnéis a chomhrac agus úsáid na seirbhísí atá ar fáil a spreagadh.
- Cinnteofar go bhfuil rochtain ag daoine ar aon chóras clárúcháin atá ar fáil (ar líne) go sonrach chun vacsaínithe a fháil, lena n-áirítear an fhaisnéis is gá (i dteangacha iomchuí) agus tacaíocht chun na seirbhísí sin a nascleanúint.
- Measúnófar stádas vacsaínithe an duine trí úsáid a bhaint as na doiciméid atá ar fáil (ar pháipéar agus/nó go leictreonach).
- Déanfar taifead ar na dáileoga a thabharfar agus cuirfear doiciméadú ar fáil do dhaoine vacsaínithe le haghaidh tagartha breise (ar pháipéar agus/nó go leictreonach).

## Vaicsíní COVID-19

- Tairgfear sraith vacsaínithe phríomhúil COVID-19 agus teanndáileog de réir an sceidil agus na gcritéar incháilitheachta atá sainithe i mbeartais vacsaínithe COVID-19 i dtíortha óstach. Tabharfar tús áite do dhaoine scothaosta, do mhná torracha, do dhaoine imdhíonlagaithe agus dóibh siúd a bhfuil bunghalair orthu agus atá i mbaol níos mó ó dhianghalair.
- Scrúdófar doiciméid maidir le stádas vacsaínithe COVID-19 nuair atá siad ar fáil:
  - ba cheart sraith vacsaínithe phríomhúil agus teanndáileog a thairiscint do dhaoine atá incháilithe agus nach bhfuair aon vacsaíniú COVID-19 roimhe sin nó nach bhfuil a vacsaínithe doiciméadaithe;
  - ba cheart do dhaoine incháilithe, a bhfuil vacsaíniú COVID-19 príomhúil neamhiomlán doiciméadaithe acu, a bpríomhshraith a chur i gcrích agus teanndáileog a fháil ina dhiaidh sin;
  - ba cheart do dhaoine incháilithe, a bhfuil vacsaíniú COVID-19 príomhúil iomlán doiciméadaithe acu, teanndáileog a fháil.
- Cinnteofar go bhfaighidh oibrithe túslíne (oibrithe cúraim sláinte, oibrithe deonacha, etc.) sraith vacsaínithe COVID-19 agus teanndáileog, mura bhfuil siad go hiomlán vacsaínithe cheana féin.

## Gnáthvacsaíní

Ba cheart tús áite a thabhairt do vaicsíní i gcoinne póilió, bruitíní agus rubella i gcás naíonán agus leanaí, go háirithe iad siúd atá faoi bhun sé bliana d'aois agus a chaill aon ghnáthvacsaíniú nó, mura bhfuil aon doiciméid maidir le vacsaíniú roimhe sin ar fáil, i gcomhréir le sceidil náisiúnta imdhíonta na tíre óstach.

## Faireachas feabhsaithe agus cosc ar ráigeanna

- Cuirfear feabhas ar an bhfaireachas ar ghalair atá inchoiscthe trí vacsaíniú, go háirithe an bhruitíneach, an rubella agus an póilióvíreas, ar fud na tíre:
  - déanfar cuardaigh ghníomhacha le haghaidh cásanna de ghéarphairilis neamhtheann (AFP) nach tuairiscíodh;
  - athbhreithneofar agus cuirfear feabhas ar fhaireachas forlíontach ar phóilió, go háirithe faireachas comhshaoil, más gá;
  - cuirfear feabhas ar an bhfaireachas siondrómach ar ghalair atá inchoiscthe trí vacsaíniú (e.g. faireachas ar ghríos fiabhrais) agus imscrúdú cásanna, go háirithe in ionaid fháiltithe;
  - méadófar feasacht i measc gairmithe sláinte a chuireann cúram ar fáil do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin chun a áirithiú go n-aimsítear galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú.
- Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar phleananna náisiúnta maidir le hullmhú do ráigeanna bruitíní agus póilío.
- Déanfar athbhreithniú ar rátaí imdhíonta ar na leibhéil fhonáisiúnta agus i measc grúpaí ardriosca agus déanfar bearta chun an ráta a fheabhsú nuair is gá.

Comhdhlúthaítear na breithnithe seo ó Bhreithnithe oibríochtúla sláinte poiblí an ECDC maidir le galair thógálacha a chosc agus a rialú i gcomhthéacs ionsaithe na Rúise i leith na hÚcráine agus Treoir Oifig Réigiúnach don Eoraip na EDS maidir le tíortha óstach i gcomhthéacs mhórghluaiseacht daonra ón Úcráin.

Déanfar athbhreithniú ar na doiciméid treorach seo, agus déanfar iad a leasú de réir mar is gá agus de réir mar a athraíonn cúrsaí san Eoraip.

Cuirfidh an ECDC agus an EDS aon athruithe in iúl do na húdaráis sláinte.

© An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2022. Cearta áirithe ar cosaint. Tá an obair seo ar fáil faoin gceadúnas Creative Commons Attribution - 3.0 IGO (CC BY-3.0 IGO; Creative Commons — Attribution 3.0 IGO — CC BY 3.0 IGO).